Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 16 Deireadh Fómhair 2024 (OR. en)**

**14563/24**

**Comhad Idirinstitiúideach: 2024/0261(NLE)**

**AVIATION 142**
**ICAO 46**
**RELEX 1278**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 16 Deireadh Fómhair 2024 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2024) 477 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh<br>CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE<br>maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa 233ú seisiún de Chomhairle na hEagraíochta Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta (ICAO) a mhéid a bhaineann leis na leasuithe atá beartaithe a dhéanamh ar Chaibidil 1 ('Sainmhínithe agus prionsabail ghinearálta'), ar Chaibidil 3 ('Teacht Isteach agus Imeacht daoine agus a gcuid bagáiste') Mír C ('Slándáil doiciméad taistil'), Mír D ('Doiciméid taistil'), Mír G ('Cártaí Bordála/Díbhordála'), Mír H ('Iniúchadh doiciméad taistil'), agus ar Chaibidil 8 ('Forálacha éascaíochta lena gcumhdaítear ábhair shonracha') Mír H ('Gáinneáil ar dhaoine') agus Mír I ('Gáinneáil ar Fhiadhúlra'), leasuithe ar cuid iad de Leasú 30 ar Iarscríbhinn 9 – Éascú a ghabhann leis an gCoinbhinsiún um Eitlíocht Shibhialta Idirnáisiúnta ('Coinbhinsiún Chicago') |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2024) 477 final.

---

Faoi iamh: COM(2024) 477 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 16.10.2024
COM(2024) 477 final

2024/0261 (NLE)

Togra le haghaidh

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa 233ú seisiún de Chomhairle na hEagraíochta Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta (ICAO) a mhéid a bhaineann leis na leasuithe atá beartaithe a dhéanamh ar Chaibidil 1 ('Sainmhínithe agus prionsabail ghinearálta'), ar Chaibidil 3 ('Teacht Isteach agus Imeacht daoine agus a gcuid bagáiste') Mír C ('Slándáil doiciméad taistil'), Mír D ('Doiciméid taistil'), Mír G ('Cártaí Bordála/Díbhordála'), Mír H ('Iniúchadh doiciméad taistil'), agus ar Chaibidil 8 ('Forálacha éascaíochta lena gcumhdaítear ábhair shonracha') Mír H ('Gáinneáil ar dhaoine') agus Mír I ('Gáinneáil ar Fhiadhúlra'), leasuithe ar cuid iad de Leasú 30 ar Iarscríbhinn 9 – Éascú a ghabhann leis an gCoinbhinsiún um Eitlíocht Shibhialta Idirnáisiúnta ('Coinbhinsiún Chicago')**

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. ÁBHAR AN TOGRA

Is leis an méid seo a leanas a bhaineann an togra:

(i) an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa 233ú seisiún de Chomhairle na hEagraíochta Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta (ICAO) a mhéid a bhaineann leis na leasuithe atá beartaithe a dhéanamh ar Chaibidil 1 (‘Sainmhínithe agus prionsabail ghinearálta’), ar Chaibidil 3 (‘Teacht Isteach agus Imeacht daoine agus a gcuid bagáiste’) Mír C (‘Slándáil doiciméad taistil’), Mír D (‘Doiciméid taistil’), Mír G (‘Cártaí Bordála/Díbhordála’), Mír H (‘Iniúchadh doiciméad taistil’), agus ar Chaibidil 8 (‘Forálacha éascaíochta lena gcumhdaítear ábhair shonracha’) Mír H (‘Gáinneáil ar dhaoine’) agus Mír I (‘Gáinneáil ar Fhiadhúlra’), ar cuid iad de Leasú 30 ar Iarscríbhinn 9 – *Éascú* a ghabhann leis an gCoinbhinsiún um Eitlíocht Shibhialta Idirnáisiúnta, ar leasuithe iad a bhaineann le héascú **foirmiúlachtaí ar thaobh na talún chun aerárthaí, paisinéirí, earraí agus post a imréiteach** i ndáil le riachtanais na n-údarás custaim, na n-údarás inimirce, na n-údarás sláinte poiblí agus na n-údarás talmhaíochta. Na leasuithe sin atá beartaithe, is cuid iad de Leasú 30 a chuimsítear i Litir CE 6/3 − 24/67 chuig na Stáit dar dáta an 19 Meitheamh 2024, leasú a vótálfar ina leith ag an 233ú seisiún de Chomhairle na hEagraíochta Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta (ICAO).

(ii) an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais tar éis do ICAO a fhógairt gur glacadh Leasú 30 ar Iarscríbhinn 9 *Éascú* i Litreacha éagsúla chuig na Stáit, ina n-iarrfaidh sé ar a chuid stát conarthach fógra a thabhairt faoi aon difríocht nó faoi chomhlíonadh na mbeart a glacadh.

## 2. COMHTHÉACS AN TOGRA

### 2.1. An Coinbhinsiún um Eitlíocht Shibhialta Idirnáisiúnta

Is é is aidhm don Choinbhinsiún um Eitlíocht Shibhialta Idirnáisiúnta (‘Coinbhinsiún Chicago’) rialú a dhéanamh ar an aeriompar idirnáisiúnta. An 4 Aibreán 1947 is ea a tháinig Coinbhinsiún Chicago i bhfeidhm, agus is leis a bunaíodh an Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta.

Tá Ballstáit uile an Aontais Eorpaigh ina bPáirtithe i gCoinbhinsiún Chicago.

### 2.2. An Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta

Is gníomhaíocht speisialaithe de chuid na Náisiún Aontaithe í an Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta. Tá sé d'aidhm agus de chuspóir ag an Eagraíocht prionsabail agus teicnící na haerloingseoireachta idirnáisiúnta a fhorbairt, agus pleanáil agus forbairt an aeriompair idirnáisiúnta a chothú.

Is comhlacht buan de chuid ICAO í Comhairle ICAO, comhlacht a mbíonn 36 stát chonarthacha ina gcomhaltaí ann, agus is é Comhthionól ICAO a thoghann na Stáit chonarthacha sin le haghaidh tréimhse 3 bliana. Le haghaidh na tréimhse 2022-2025, tá sé Bhallstát den Aontas a bhfuil ionadaí acu ar Chomhairle ICAO, sin iad an Fhrainc, an Ghearmáin, an Iodáil, an Ostair, an Rómáin agus an Spáinn.

I measc na bhfeidhmeanna sainordaitheacha atá ag Comhairle ICAO, feidhmeanna a liostaítear in Airteagal 54 de Choinbhinsiún Chicago, tá glacadh na gcaighdeán agus na gcleachtas molta (SARPanna) idirnáisiúnta, a ainmnítear mar Iarscríbhinní a ghabhann le Coinbhinsiún Chicago.

De bhun Airteagal 37 j) de Choinbhinsiún Chicago, ó am go ham, de réir mar is gá, glacfaidh agus leasóidh ICAO caighdeáin agus cleachtais agus nósanna imeachta molta idirnáisiúnta maidir le nósanna imeachta custaim agus inimirce.

De bhun Airteagal 90 de Choinbhinsiún Chicago, chun go nglacfaidh an Chomhairle na hIarscríbhinní, bíonn gá le vóta dhá thrian ón gComhairle ag cruinniú arna thionól chun na críche sin, agus ansin cuirfidh an Chomhairle na hIarscríbhinní céanna faoi bhráid gach Stáit chonarthaigh. Tiocfaidh aon Iarscríbhinn den sórt sin nó aon leasú ar Iarscríbhinn i bhfeidhm laistigh de 3 mhí tar éis í a thíolacadh do Stáit chonarthacha ICAO, nó ag deireadh cibé tréimhse ama is faide ná sin a d'fhorordódh Comhairle ICAO, mura gcláróidh formhór Stát conarthach ICAO a míshástacht idir an dá linn.

De bhun Airteagal 38 de Choinbhinsiún Chicago, aon Stát ar dofheidhmithe leis aon chaighdeán nó nós imeachta idirnáisiúnta den sórt sin a chomhlíonadh go hiomlán, nó a chuid rialachán nó cleachtas féin a chur i gcomhréir go hiomlán le haon chaighdeán nó nós imeachta idirnáisiúnta den sórt sin, nó aon Stát a mheasann gur gá rialacháin nó cleachtais a ghlacadh atá éagsúil ar aon bhealach ar leith leis na rialacháin nó na cleachtais arna leagan síos le caighdeán idirnáisiúnta, ba cheart don Stát sin na difríochtaí atá idir a chleachtas féin agus an cleachtas arna leagan síos leis an gcaighdeán idirnáisiúnta a fhógairt do ICAO láithreach. I gcás ina ndéanfar leasuithe ar chaighdeáin idirnáisiúnta, aon Stát nach ndéanann na leasuithe iomchuí ar a rialacháin nó ar a chleachtais féin, tabharfaidh sé fógra do Chomhairle ICAO faoi cheann 60 lá tar éis an leasú ar an gcaighdeán a ghlacadh, nó cuirfidh sé in iúl an ghníomhaíocht atá beartaithe aige a dhéanamh. In aon chás den sórt sin, tabharfaidh an Chomhairle fógra do gach stát eile láithreach faoin difríocht atá idir gné amháin nó níos mó de chaighdeán idirnáisiúnta agus cleachtas náisiúnta comhfhreagrach an Stáit sin.

## 2.3. An gníomh atá beartaithe ag ICAO agus an gaol atá aige leis na rialacha AE atá ann cheana

Leasú 30 ar Iarscríbhinn 9 – Éascú, dá dtagraítear i Litir EC 6/3-24/67 chuig na Stáit, ar leasú é a d'eascair as an athbhreithniú ar Iarscríbhinn 9 – Éascú arna dhéanamh ag an bPainéal Éascaíochta (FAL) le linn an 13ú Cruinniú a bhí aige, cruinniú a tionóladh ón 26 Feabhra go dtí an 1 Márta 2024 (FALP/13), meastar go ndéanfaidh Comhairle ICAO an leasú sin a mheas agus a ghlacadh le linn 233ú seisiún ICAO nó seisiún eile dá chuid ina dhiaidh sin.

– Tá Iarscríbhinn 9 - *Éascú* bunaithe ar dheich nAirteagal de Choinbhinsiún Chicago lena gceanglaítear go gcomhlíonann an pobal eitlíochta sibhialta na dlíthe lena rialaítear údaráis iniúchadh a dhéanamh ar aerárthaí, lasta agus paisinéirí, arb údaráis iad a bhaineann leis an gcustam, leis an inimirce, leis an talmhaíocht agus leis an tsláinte phoiblí. Baineann Iarscríbhinn 9 go sonrach le hÉascú foirmiúlachtaí ar thaobh na talún chun aerárthaí agus trácht tráchtála a imréiteach le haghaidh paisinéirí agus lasta araon, trí bhíthin riachtanais de chuid údaráis chustaim, údaráis inimirce, údaráis sláinte poiblí agus údaráis talmhaíochta *inter alia*.

– Cuimsítear i Leasú 30 ar Iarscríbhinn 9, i measc nithe eile, forálacha nua agus/nó athbhreithnithe maidir le teacht isteach agus imeacht daoine agus a gcuid bagáiste, le saoráidí agus seirbhísí aerfort idirnáisiúnta le haghaidh tráchta, le sonraí maidir le taifead ainmneacha paisinéirí (PNR), le réamhfhaisnéis faoi phaisinéirí (API), agus le gáinneáil ar dhaoine, agus is leasú é lena ndéantar forálacha a bhaineann leis an tsláinte a athshuíomh ó chaibidlí eile go Caibidil 10 den Iarscríbhinn.

– An Leasú atá beartaithe agus atá le glacadh ag Comhairle ICAO, beidh sé ceangailteach faoin dlí idirnáisiúnta i gcomhréir leis an nós imeachta agus an amlíne a leagtar síos in Airteagal 90(a) de Choinbhinsiún Chicago, lena bhforáiltear an méid

seo a leanas: *'Chun go nglacfaidh an Chomhairle na hIarscríbhinní ar a dtugtar tuairisc in Airteagal 54, fomhír l), beidh gá le vóta dhá thrian ón gComhairle ag cruinniú arna thionól chun na críche sin, agus ansin cuirfidh an Chomhairle na hIarscríbhinní céanna faoi bhráid gach Stáit chonarthaigh. Tiocfaidh aon Iarscríbhinn den sórt sin nó aon leasú ar Iarscríbhinn i bhfeidhm laistigh de 3 mhí tar éis í a thíolacadh do Stáit chonarthacha, nó ag deireadh cibé tréimhse ama is faide a fhorordóidh an Chomhairle , mura rud é go gcláraíonn tromlach de na Stáit chonarthacha a míshástacht leis an gComhairle idir an dá linn.*

– Thairis sin, is féidir tionchar cinntitheach a bheith ag an Leasú thuasluaite ar inneachar reachtaíocht de chuid an Aontais, mar a mhínítear go mionsonraithe thíos.

Ag seo mar a chumhdaítear na réimsí seo a leanas leis an Leasú atá beartaithe:

– maidir le Caibidil 1 ('Sainmhínithe agus prionsabail ghinearálta') agus Caibidil 3 ('Teacht Isteach agus Imeacht daoine agus a gcuid bagáiste') Mír C ('Slándáil doiciméad taistil'), Mír D ('Doiciméid taistil'), Mír G ('Cártaí Bordála/Díbhordála'), Mír H ('Iniúchadh doiciméad taistil'), leis na leasuithe atá beartaithe cuirtear SARPanna isteach i ndáil le slándáil an phróisis eisiúna a bhaineann le Doiciméid Leictreonacha Taistil Mheaisín-Inléite ('eMRTD'), agus i ndáil leis an bprótacal maidir le rialú rochtana a thabhairt cothrom le dáta, sin agus an caighdeán teicniúil maidir le híomhá den aghaidh a ionchódú in eMRTDanna. Cumhdaítear leis na leasuithe ábhair a rialaítear faoi dhlí an Aontais le Rialachán (CE) Uimh. 2252/2004 ón gComhairle[1] (maidir le doiciméid taistil agus pasanna) agus le Rialachán (CE) Uimh. 1683/95[2] (maidir le caighdeáin i ndáil le víosaí), agus ós rud é gur leasuithe ceangailteachta iad, is féidir tionchar cinntitheach a bheith acu ar inneachar reachtaíocht de chuid an Aontais.

– maidir le Caibidil 8 ('Forálacha éascaíochta lena gcumhdaítear ábhair shonracha'), an mhír ar a dtugtaí Mír J agus ar a dtugtar H feasta ('Gáinneáil ar dhaoine'), den chuid is mó is leasuithe ó thaobh friotail de atá sna Leasuithe atá beartaithe, ach soiléiríonn siad go bhfuil na ceanglais i bpointí 8.49 agus 8.50 ceangailteach ar na Stáit Chonarthacha.

– Ar deireadh, maidir le Caibidil 1 ('Sainmhínithe agus prionsabail ghinearálta') agus Caibidil 9 ('Córais Sonraí Paisinéirí'), den chuid is mó is leasuithe eagarthóireachta iad na leasuithe atá beartaithe; is é sin nithe breise nó malairt foclaíochta a bheith curtha isteach, rud a rinneadh den chuid is mó i bhfoirm nótaí míniúcháin a ghabhann le SARPanna, ina soiléirítear na coinníollacha a bhaineann le cur i bhfeidhm córas API agus córas idirghníomhach API. Leis an leasú atá beartaithe, úsáid córas API agus córas idirghníomhach API (iAPI), féachtar le hí a chuíchóiriú ar fud théacs Iarscríbhinn 9. Is é is aidhm dó soiléireacht a sholáthar maidir leis an sainmhíniú ar chóras API (baisce) agus ar chóras iAPI (Caibidil 1), trí athruithe eagarthóireachta i gCaibidil 9 arb é atá i gceist leo go n-athshuitear Cleachtas Molta 9.8 maidir lena mholadh do Stáit Chonarthacha smaoineamh ar chóras iAPI a thabhairt isteach, ionas go bhfuil sé níos gaire do thús théacs Iarscríbhinn 9. Leis na leasuithe, coinnítear

---

1 Rialachán (CE) Uimh. 2252/2004 ón gComhairle an 13 Nollaig 2004 maidir le caighdeáin i ndáil le gnéithe slándála agus bithmhéadracht i bpasanna agus i ndoiciméid taistil arna n- eisiúint ag Ballstáit (IO L 385, 29.12.2004, lch. 1–6 ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2004/2252/oj).

2 Rialachán (CE) Uimh. 1683/95 ón gComhairle an 29 Bealtaine 1995 lena leagtar síos formáid aonfhoirmeach maidir le víosaí (IO L 164, 14.7.1995, lch. 1–4, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/1995/1683/oj).

Caighdeán 9.7, gona cheanglas go gcaithfidh na Stáit Chonarthacha córas API a bhunú, agus is cuimsithí an sainmhíniú a thugtar ann ar chóras iAPI (Nóta 2 faoi Chaighdeán 9.7). Faoi Chaighdeán 9.7, bunóidh gach Stát Conarthach córas Réamhfhaisnéise faoi Phaisinéirí (API). Ar bhonn Nótaí 1 agus 2 a ghabhann leis an SARP sin, is féidir le API den sórt sin a bheith ina ghnáth-API nó ina iAPI. De réir an Chleachtais Molta faoi phointe 9.8. tá iAPI roghnach i gcónaí ('Ba cheart do gach Stát conarthach smaoineamh ar Ardchóras idirghníomhach Réamhfhaisnéise faoi Phaisinéirí (iAPI) a thabhairt isteach'). Maidir le leasuithe i gCaibidil 9 ar chóras API, níl aon tionchar ar dhlí an Aontais, is é sin le rá ar Threoir 2004/82/CE[3] ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir leis an oibleagáid ar iompróirí sonraí paisinéirí a chur in iúl (Treoir API) toisc nach bhfuil in athruithe ICAO ach athruithe eagarthóireachta.

– Mar a chruthaítear thuas, baineann an gníomh atá beartaithe le réimse a chumhdaítear den chuid is mó cheana féin le rialacha an Aontais agus, dá bhrí sin, d'fhéadfadh sé 'difear a dhéanamh do chomhrialacha nó a raon feidhme a athrú'. Dá bhrí sin, baineann Leasú 30 atá beartaithe a dhéanamh ar Iarscríbhinn 9 le réimse ina bhfuil inniúlacht sheachtrach eisiach ag an Aontas de bhua an choir dheireanaigh d'Airteagal 3(2) CFAE maidir leis an ábhar sin.

## 3. AN SEASAMH ATÁ LE GLACADH THAR CEANN AN AONTAIS

### 3.1. Na leasuithe atá beartaithe agus an gaol atá acu leis na rialacha AE atá i bhfeidhm faoi láthair

***Leasuithe ar Chaibidil 1 ('Sainmhínithe agus prionsabail ghinearálta'), ar Chaibidil 3 ('Teacht Isteach agus Imeacht daoine agus a gcuid bagáiste') Mír C ('Slándáil doiciméad taistil'), Mír D ('Doiciméid taistil'), Mír G ('Cártaí Bordála/Díbhordála'), Mír H ('Iniúchadh doiciméad taistil'), agus ar Chaibidil 8 ('Forálacha éascaíochta lena gcumhdaítear ábhair shonracha') Mír H ('Gáinneáil ar dhaoine') agus Mír I ('Gáinneáil ar Fhiadhúlra'), ar leasuithe iad a chuimsítear i Leasú 30 ar Iarscríbhinn 9 - Éascú a ghabhann leis an gCoinbhinsiún um Eitlíocht Shibhialta Idirnáisiúnta***

Leis na leasuithe atá beartaithe, ar cuid iad de Leasú 30 ar Iarscríbhinn 9, leasú dá dtagraítear i Litir EC 6/3-24/67 chuig na Stáit, cumhdaítear ábhair a rialaítear freisin le gníomhartha dlí de chuid an Aontais a luaitear i mír 2.3 agus atá comhsheasmhach leo.

Bheadh na leasuithe atá beartaithe ina gcuidiú ó thaobh cur le soiléireacht agus éifeachtúlacht Iarscríbhinn 9, rud a d'fhágfadh gurbh fhearr a shaothrófaí an aidhm go mbeadh an sreabhadh taistealaithe, bagáiste, lasta agus poist éifeachtúil agus go ndéanfaí an sreabhadh sin i dtimpeallacht shláintiúil shlán shábháilte ar an talamh agus san aer. Aithníonn an tAontas gur gá athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar Iarscríbhinn 9 chun í a choinneáil cothrom le dáta agus chun go mbeidh sí ag teacht le forás an aerthaistil.

Dá bhrí sin, is é an seasamh atá beartaithe a ghlacadh thar ceann an Aontais tacú leis na leasuithe sin.

Dá bhrí sin, má ghlacann Comhairle ICAO an leasú atá beartaithe, is é sin Leasú 30 ar Iarscríbhinn 9 – *Éascú*, is é an seasamh ba cheart a ghlacadh thar ceann an Aontais gan fógra

[3] Treoir 2004/82/CE ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir leis an oibleagáid ar iompróirí sonraí paisinéirí a chur in iúl (IO L 261, 6.8.2004, lch. 24–27, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2004/82/oj).

míshástachta a thabhairt, ach na bearta arna nglacadh a chomhlíonadh mar fhreagra ar an Litir ábhartha chuig Stáit ICAO.

I gcás ina mbeadh reachtaíocht an Aontais ar neamhréir leis na SARPanna nuaghlactha tar éis dáta a beartaíodh a thiocfadh na SARPanna sin i bhfeidhm, ba cheart do na Ballstáit seasamh an Aontais maidir leis na difríochtaí le hais na gCaighdeán áirithe sin a fhógairt do ICAO, seasamh a bheidh bunaithe ar dhoiciméad ullmhúcháin a chuirfidh an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle in am trátha i gcomhair a phléite agus a fhormheasta, ina leagfar amach go mionsonraithe na difríochtaí a bheidh i gceist le linn na tréimhse is gá chun an cur chun feidhme a chur i gcrích.

## 4. BUNÚS DLÍ

### 4.1. Bunús dlí nós imeachta

#### *4.1.1. Prionsabail*

In Airteagal 218(9) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) déantar foráil maidir le cinntí lena leagfar síos '*na seasaimh a ghlacfar thar ceann an Aontais i gcomhlacht arna chur ar bun le comhaontú nuair a iarrtar ar an gcomhlacht sin gníomhartha a ghlacadh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo, seachas gníomhartha lena bhforlíonfar nó lena leasófar creat institiúideach an chomhaontaithe.*'

Tá feidhm ag Airteagal 218(9) CFAE gan beann ar cé acu atá an tAontas ina chomhalta den chomhlacht nó ina pháirtí sa chomhaontú, nó nach bhfuil[4].

Cuimsítear sa choincheap '*gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo*' gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo de bhua rialacha an dlí idirnáisiúnta lena rialaítear an comhlacht atá i gceist. Cuimsítear ann freisin ionstraimí nach bhfuil éifeacht cheangailteach leo faoin dlí idirnáisiúnta, ach '*a bhféadfadh tionchar cinntitheach a bheith acu ar inneachar na reachtaíochta a ghlacfaidh reachtas an Aontais Eorpaigh*'[5] ós rud é go dtagann roinnt codanna den Leasú atá beartaithe faoi dhlí an Aontais, is é sin le rá go dtagann siad faoi na gníomhartha seo a leanas: Rialachán (CE) Uimh. 2252/2004 ón gComhairle agus Rialachán (CE) 1683/95.

#### *4.1.2. Feidhm maidir leis an gcás seo*

Is comhlacht í Comhairle ICAO a cuireadh ar bun le comhaontú, is é sin Coinbhinsiún Chicago.

I gcomhréir le hAirteagal 54(1) de Choinbhinsiún Chicago, glacann Comhairle ICAO SARPanna idirnáisiúnta, a ainmnítear mar Iarscríbhinní a ghabhann le Coinbhinsiún Chicago. Na gníomhartha a iarrtar ar Chomhairle ICAO a ghlacadh, is gníomhartha iad a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo. Beidh na gníomhartha atá beartaithe ceangailteach faoin dlí idirnáisiúnta i gcomhréir le hAirteagal 90(a) de Choinbhinsiún Chicago.

Thairis sin, mar a mhínítear thuas, na leasuithe atá beartaithe a dhéanamh ar Iarscríbhinn 9, is féidir tionchar cinntitheach a bheith acu ar inneachar reachtaíocht an Aontais toisc go mbaineann siad le hábhair a rialaítear leis an reachtaíocht sin cheana féin, is é sin le rá ábhair

4 Breithiúnas ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh an 7 Deireadh Fómhair 2014, an Ghearmáin v an Chomhairle, C-399/12, ECLI:EU:C:2014:2258, mír 64.

5 Breithiúnas ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh an 7 Deireadh Fómhair 2014, an Ghearmáin v an Chomhairle, C-399/12, ECLI:EU:C:2014:2258, míreanna 61 go 64.

a rialaítear leis na gníomhartha seo a leanas: Rialachán (CE) Uimh. 2252/2004 ón gComhairle agus Rialachán (CE) 1683/95.

Leis na gníomhartha atá beartaithe, ní dhéantar creat institiúideach an chomhaontaithe a fhorlíonadh ná a leasú.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 218(9) CFAE an bunús dlí nós imeachta atá leis an gCinneadh atá beartaithe maidir leis an seasamh i leith na bhfógraí sin.

### 4.2. Bunús dlí substainteach

#### *4.2.1. Prionsabail*

An bunús dlí substainteach atá le cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE, braitheann sé go príomha ar chuspóir agus ábhar an ghnímh atá beartaithe agus a bhfuiltear ag glacadh seasamh thar ceann an Aontais ina leith. Má shaothraítear dhá aidhm leis an ngníomh atá beartaithe nó má tá dhá chomhpháirt ann agus más féidir ceann de na haidhmeanna sin nó de na comhpháirteanna sin a shainaithint mar phríomhaidhm nó mar phríomh-chomhpháirt agus an ceann eile mar aidhm nó comhpháirt theagmhasach, ní mór an cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE a bhunú ar bhunús dlí substainteach aonair, is é sin an bunús dlí a éilítear de réir na príomhaidhme nó na príomh-chomhpháirte. Ar bhonn eisceachtúil, má shuitear go bhfuil roinnt cuspóirí éagsúla á saothrú leis an mbeart an tráth céanna, ar cuspóirí iad a bhfuil dlúthnasc do-scartha eatarthu gan ceann amháin acu a bheith tánaisteach agus indíreach i ndáil leis an gceann eile, féadfar an beart a bhunú ar na bunúis dlí chomhfhreagracha.

#### *4.2.2. Feidhm maidir leis an gcás seo*

Cé go saothraítear cuspóirí a bhaineann leis an gcomhbheartais iompair leis an ngníomh atá beartaithe, is le réimse an rialaithe teorann agus le réimse na himirce, slándáil doiciméad taistil san áireamh, a bhaineann roinnt de na príomhchodanna atá ann. An tráth céanna, ní leasuithe ceangailteacha atá sna leasuithe ábhartha de chuid ICAO a bhaineann le bailiú agus aistriú sonraí API chun críoch bainistithe teorainneacha, agus níl iontu ach leasaithe eagarthóireachta, rud a fhágann nach ndéantar difear do rialacha ábhartha an Aontais sa réimse sin (is é sin le rá nach ndéantar difear do Threoir 2004/82/CE an 29 Aibreán 2004 maidir leis an oibleagáid ar iompróirí sonraí paisinéirí a chur in iúl) . Ina theannta sin, athruithe ICAO (is é sin le rá Mír H i gCaibidil 8) maidir le gáinneáil ar dhaoine, is athruithe teagmhasacha iad le hais phríomhinneachar na leasuithe sin, arb inneachar é a bhaineann le rialuithe ag teorainneacha idirnáisiúnta agus leis an imirce (pasanna agus víosaí).

Dá bhrí sin, is é Airteagal 77(2) (a) agus (b) CFAE an bunús dlí substainteach atá leis an gcinneadh atá beartaithe.

### 4.3. Conclúid

Is é Airteagal 77(2) (a) agus (b), i gcomhar le hAirteagal 218(9) CFAE, an bunús dlí atá leis an gCinneadh ón gComhairle atá beartaithe.

## 5. FOILSIÚ AN GHNÍMH ATÁ BEARTAITHE

Ar chúiseanna trédhearcachta agus tagartha cuí, toisc go leasófar Iarscríbhinn 9 a ghabhann le Coinbhinsiún Chicago leis na leasuithe atá beartaithe, is gá iad a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* tar éis a nglactha, agus a ndáta teacht i bhfeidhm a shonrú inti.

2024/0261 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa 233ú seisiún de Chomhairle na hEagraíochta Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta (ICAO) a mhéid a bhaineann leis na leasuithe atá beartaithe a dhéanamh ar Chaibidil 1 ('Sainmhínithe agus prionsabail ghinearálta'), ar Chaibidil 3 ('Teacht Isteach agus Imeacht daoine agus a gcuid bagáiste') Mír C ('Slándáil doiciméad taistil'), Mír D ('Doiciméid taistil'), Mír G ('Cártaí Bordála/Díbhordála'), Mír H ('Iniúchadh doiciméad taistil'), agus ar Chaibidil 8 ('Forálacha éascaíochta lena gcumhdaítear ábhair shonracha') Mír H ('Gáinneáil ar dhaoine') agus Mír I ('Gáinneáil ar Fhiadhúlra'), leasuithe ar cuid iad de Leasú 30 ar Iarscríbhinn 9 – Éascú a ghabhann leis an gCoinbhinsiún um Eitlíocht Shibhialta Idirnáisiúnta ('Coinbhinsiún Chicago')**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 77(2) (a) agus (b), i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tháinig an Coinbhinsiún um Eitlíocht Shibhialta Idirnáisiúnta ('Coinbhinsiún Chicago') lena rialaítear aeriompar idirnáisiúnta, i bhfeidhm an 4 Aibreán 1947. Bunaíodh an Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta (ICAO) leis.

(2) Is Stáit Chonarthacha i gCoinbhinsiún Chicago iad na Ballstáit uile agus is comhaltaí de ICAO iad, agus tá stádas breathnóra ag an Aontas i gcomhlachtaí áirithe de chuid ICAO. Tá sé Bhallstát a bhfuil ionadaí acu ar Chomhairle ICAO le haghaidh na tréimhse 2022-2025.

(3) De bhun Airteagal 37 j) de Choinbhinsiún Chicago, ó am go ham, de réir mar is gá, glacfaidh agus leasóidh ICAO caighdeáin agus cleachtais agus nósanna imeachta molta idirnáisiúnta maidir le nósanna imeachta custaim agus inimirce. De bhun Airteagal 54(1) de Choinbhinsiún Chicago, féadfaidh Comhairle ICAO Caighdeáin agus Cleachtais Mholta ('SARPanna') idirnáisiúnta a ghlacadh, agus iad a ainmniú mar Iarscríbhinní a ghabhann le Coinbhinsiún Chicago.

(4) Leasú 30 ar Iarscríbhinn 9 – *Éascú* a ghabhann le Coinbhinsiún Chicago, tá Comhairle ICAO le hé a ghlacadh le linn a 233ú seisiún.

(5) Leasú 30 ar Iarscríbhinn 9 – *Éascú* a ghabhann le Coinbhinsiún Chicago, a chuimsítear i Litir EC 6/3 − 24/67 chuig na Stáit, is é is príomhchuspóir dó cur le soiléireacht Iarscríbhinn 9 agus, dá réir sin, lena comhsheasmhacht agus lena héifeachtúlacht.

(6) I Leasú 30 ar Iarscríbhinn 9 - *Éascú* a ghabhann le Coinbhinsiún Chicago, cuimsítear leasuithe ar Chaibidil 1 ('Sainmhínithe agus prionsabail ghinearálta'), ar Chaibidil 3 ('Teacht Isteach agus Imeacht daoine agus a gcuid bagáiste') Mír C ('Slándáil

doiciméad taistil'), Mír D ('Doiciméid taistil'), Mír G ('Cártaí Bordála/Díbhordála'), Mír H ('Iniúchadh doiciméad taistil'), agus ar Chaibidil 8 ('Forálacha éascaíochta lena gcumhdaítear ábhair shonracha') Mír H ('Gáinneáil ar dhaoine') agus Mír I ('Gáinneáil ar Fhiadhúlra').

(7) An seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais laistigh de Chomhairle ICAO, is iomchuí é a leagan síos, mar beidh Leasú 30 ar Iarscríbhinn 9 – *Éascú* a ghabhann le Coinbhinsiún Chicago ceangailteach faoin dlí idirnáisiúnta i gcomhréir le hAirteagal 90(a) de Choinbhinsiún Chicago, agus baineann sé le hábhar ó thaobh reachtaíocht an Aontais de, maidir leis na gníomhartha seo a leanas: Rialachán (CE) Uimh. 2252/2004 ón gComhairle an 13 Nollaig 2004 maidir le caighdeáin i ndáil le gnéithe slándála agus le bithmhéadracht i bpasanna agus i ndoiciméid taistil arna n-eisiúint ag Ballstáit[6] agus Rialachán (CE) Uimh. 1683/95 ón gComhairle an 29 Bealtaine 1995 lena leagtar síos formáid aonfhoirmeach i ndáil le víosaí[7] De bhun Airteagal 38 de Choinbhinsiún Chicago, aon Stát ar dofheidhmithe leis aon chaighdeán nó nós imeachta idirnáisiúnta den sórt sin a chomhlíonadh go hiomlán, nó a chuid rialachán nó cleachtas féin a chur i gcomhréir go hiomlán le haon chaighdeán nó nós imeachta idirnáisiúnta den sórt sin, nó aon Stát a mheasann gur gá rialacháin nó cleachtais a ghlacadh atá éagsúil ar aon bhealach ar leith leis na rialacháin nó na cleachtais arna leagan síos le caighdeán idirnáisiúnta, ba cheart don Stát sin na difríochtaí atá idir a chleachtas féin agus an cleachtas arna leagan síos leis an gcaighdeán idirnáisiúnta a thuairisciú do ICAO láithreach.

(8) Le linn an 233ú seisiún de Chomhairle ICAO, nó le linn aon seisiún eile a d'eascródh as an gceann sin, a mhéid a bhaineann le glacadh na leasuithe atá beartaithe a dhéanamh ar Chaibidil 1 ('Sainmhínithe agus prionsabail ghinearálta'), ar Chaibidil 3 ('Teacht Isteach agus Imeacht daoine agus a gcuid bagáiste') Mír C ('Slándáil doiciméad taistil'), Mír D ('Doiciméid taistil'), Mír G ('Cártaí Bordála/Díbhordála'), Mír H ('Iniúchadh doiciméad taistil'), agus ar Chaibidil 8 ('Forálacha éascaíochta lena gcumhdaítear ábhair shonracha') Mír H ('Gáinneáil ar dhaoine') agus Mír I ('Gáinneáil ar Fhiadhúlra'), leasuithe ar cuid iad de Leasú 30 ar Iarscríbhinn 9 – Éascú a ghabhann le Coinbhinsiún Chicago, a chuimsítear i Litir EC 6/3 − 24/67 chuig na Stáit, is é an seasamh ba cheart a bheith ag an Aontas vótáil ar son tacú leis na leasuithe sin ina n-iomláine. Na Ballstáit den Aontas atá ina gcomhaltaí de Chomhairle ICAO, cuirfidh siad an seasamh sin in iúl, ag gníomhú dóibh go comhpháirteach chun leas an Aontais.

(9) Tar éis do Chomhairle ICAO Leasú 30 ar Iarscríbhinn 9 - *Éascú a* ghabhann le Coinbhinsiún Chicago a ghlacadh, rud arb é an nós imeachta trína bhfógróidh Ardrúnaí ICAO é Litir chuig Stáit ICAO, is é an seasamh ba cheart a bheith ag an Aontas gan míshástacht a chlárú agus na leasuithe a chomhlíonadh. I gcás ina mbeadh reachtaíocht an Aontais ar neamhréir leis na SARPanna nuaghlactha tar éis dáta a beartaíodh a thiocfadh na SARPanna sin i bhfeidhm, ba cheart a fhógairt do ICAO go bhfuil difríocht ann le hais na SARPanna áirithe sin. Ba cheart seasamh an Aontais i leith na difríochta sin a bheith bunaithe ar dhoiciméad i scríbhinn a chuirfidh an

---

6 Rialachán (CE) Uimh. 2252/2004 ón gComhairle an 13 Nollaig 2004 maidir le caighdeáin i ndáil le gnéithe slándála agus bithmhéadracht i bpasanna agus i ndoiciméid taistil arna n- eisiúint ag Ballstáit (IO L 385, 29.12.2004, lch. 1–6 ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2004/2252/oj).

7 Rialachán (CE) Uimh. 1683/95 ón gComhairle an 29 Bealtaine 1995 lena leagtar síos formáid aonfhoirmeach maidir le víosaí (IO L 164, 14.7.1995, lch. 1–4, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/1995/1683/oj).

Coimisiún faoi bhráid na Comhairle i gcomhair a phléite agus a fhormheasta. Ba cheart do Bhallstáit uile an Aontais an seasamh sin a chur in iúl, ag gníomhú dóibh go comhpháirteach chun leas an Aontais.

(10) Ní forbairt atá sa Chinneadh seo ar na forálacha de chuid *acquis* Schengen a bhfuil Éire rannpháirteach iontu, i gcomhréir le Cinneadh 2002/192/CE ón gComhairle[8]. Dá bhrí sin, níl Éire rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.

(11) I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

1. Na leasuithe atá beartaithe a dhéanamh ar Chaibidil 1 ('Sainmhínithe agus prionsabail ghinearálta'), ar Chaibidil 3 ('Teacht Isteach agus Imeacht daoine agus a gcuid bagáiste') Mír C ('Slándáil doiciméad taistil'), Mír D ('Doiciméid taistil'), Mír G ('Cártaí Bordála/Díbhordála'), Mír H ('Iniúchadh doiciméad taistil'), agus ar Chaibidil 8 ('Forálacha éascaíochta lena gcumhdaítear ábhair shonracha') Mír H ('Gáinneáil ar dhaoine') agus Mír I ('Gáinneáil ar Fhiadhúlra'), leasuithe ar cuid iad de Leasú 30 ar Iarscríbhinn 9 – *Éascú* a ghabhann le Coinbhinsiún Chicago, a chuimsítear i Litir EC 6/3 − 24/67 chuig na Stáit, is é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa 233ú seisiún de Chomhairle ICAO, nó i gceann de na seisiúin a d'eascródh as an gceann sin, vótáil ar son tacú leis na leasuithe beartaithe sin ina n-iomláine.

2. An leasú atá beartaithe a dhéanamh ar Iarscríbhinn 9 – *Éascú* a ghabhann le Coinbhinsiún Chicago, dá dtagraítear i mír 1, má ghlacann Comhairle ICAO an leasú sin gan aon athrú substainteach a dhéanamh air, is é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais gan míshástacht a chlárú, agus a fhógairt, i bhfreagra ar an Litir ábhartha chuig Stáit ICAO, go gcomhlíonfar an beart a glacadh. I gcás ina mbeadh reachtaíocht an Aontais ar neamhréir leis na SARPanna nuaghlactha tar éis an dáta a beartaíodh a thiocfadh na SARPanna sin i bhfeidhm, fógrófar do ICAO go bhfuil difríocht ann le hais na SARPanna áirithe sin, i gcomhréir le hAirteagal 38 de Choinbhinsiún Chicago.

   Chuige sin, in am trátha agus 2 mhí ar a laghad roimh aon sprioc-am a leagfaidh ICAO amach maidir le difríochtaí a fhógairt, cuirfidh an Coimisiún doiciméad ullmhúcháin faoi bhráid na Comhairle i gcomhair a phléite agus a fhormheasta, ina leagfar amach na difríochtaí mionsonraithe atá le fógairt ag na Ballstáit do ICAO thar ceann an Aontais.

---

[8] Cinneadh 2002/192/CE ón gComhairle an 28 Feabhra 2002 maidir leis an iarraidh ó Éirinn a bheith rannpháirteach i roinnt forálacha de *acquis* Schengen (IO L 64, 7.3.2002, lch. 20).

*Airteagal 2*

Is iad na Ballstáit den Aontas atá ina gcomhaltaí de Chomhairle ICAO, ag gníomhú dóibh go comhpháirteach chun leas an Aontais, a chuirfidh in iúl an seasamh dá dtagraítear in Airteagal 1(1).

Déanfaidh Ballstáit uile an Aontais an seasamh dá dtagraítear in Airteagal 1(2) a chur in iúl, ag gníomhú dóibh go comhpháirteach chun leas an Aontais.

*Airteagal 3*

Is chuig na Ballstáit a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*